



mBAILE BRIGÍN

Samhlaigh na féidearthachtaí - Glac páirt

NUASHONRÚ AR PHLEAN ATHNUACHANA AN BHAILE 2020

Ár dTuras



Introduction



Teachtaireacht ó AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall

Bliain ó seoladh an Plean Athnuachana Ár mBaile Brigín, tá cuma ag teacht ar bhunathrú an bhaile is óige in Éirinn. Sa chéad bhliain dár dturas tá garspíocanna tábhachtacha bainte amach inár gclár '20 Rud i 12 Mhí' - in ainneoin na srianta sláinte phoiblí.

Le bliain anuas tá infheistíocht shuntasach déanta ag an gComhairle i mBaile Brigín, ag seachadadh dhá chlós súgartha nua agus páirc scátála, rinneadh athchóiriú fairsing ar Leabharlann Bhaile Brigín, agus ar an Mol Ár mBaile Brigín. Léiríonn na tionscadail seo tiomantas na Comhairle don Phlean agus is iad na chéad chéimeanna dár n-infheistíocht atá pleanáilte do Bhaile Brigín.

Is príomhchuspóir é athnuachan na Príomhshráide agus tá pleananna ag dul ar aghaidh chun conair ghlas a oscailt a nascann Baile Stiofáin leis an bPríomhshráid trí Pháirc Millpond, síos go dtí Sráid na Cé athbheochanaithe agus cuan agus trá athshamlaithe.

Tá an Chomhairle ag déanamh cur chun cinn maidir le ceannach príomhshuímh le haghaidh athfhorbartha agus tá foirgneamh ceannaithe cheana féin aici ag 2-4 Sráid Bhaile Átha Cliath agus mar aidhm aici í a fhorbairt ina spás ealaíon cruthaitheach agus digiteach.

Aithnítear an cur chuige comhoibritheach a glacadh agus a bhí an Plean Athnuachana á ullmhú agus beidh sé ina shampla do dhaoine eile agus bhí sé an-tábhachtach chun Ceantar Cliste a dhéanamh do bhaile in Éirinn den chéad uair.

Níl aon rud mór amháin a athróidh Baile Brigín - bunathrófar an baile le go leor gníomhartha, a chuirfidh go leor páirtithe leasmhara i gcrích trína bheith ag oibriú le chéile thar thréimhse blianta. Tá an Chomhairle tiomanta don plean seo a chur i ngníomh agus ba mhaith liom ár dtiomantas i leith €30 milliún a infheistiú i mBaile Brigín a athdhearbhú agus taim muinínach go dtiocfaidh cáil mhór ar Bhaile Brigín mar áit iontach chun cónaí ann, obair ann agus gnó a dhéanamh ann.



Teachtaireacht ó Bhrian MacCraith, Ollamh le OCBÁC, Cathaoirleach an Ghrúpa Ceannaireachta

Nuair a shuigh Grúpa Ceannaireachta Bhaile Brigín síos ar dtús chun straitéis athnuachana uilechuimsitheach a phleanáil don bhaile, ní fhéadfaimis a shamhlú cé chomh fada agus a thiocfaimis i mbeagán ama.

D'iarramar ort do chuid tuairimí a thabhairt dúinn agus ghlac cuid mhór den phobal páirt ann chun na féidearthachtaí a shamhlú agus tacar láidir tosaíochtaí a sholáthar ionas go bhféadfaimis lán-acmhainneacht Bhaile Brigín a bhaint amach.

Ba rannpháirtíocht, uaillmhian, cruthaitheacht agus rún na tréithe a taispeánadh go dtí seo le linn an turais - agus, buíochas libhse, tá tús curtha le claoclú an bhaile cheana féin.

Is éard atá i gceist le tionscnamh Ár mBaile Brigín ná todhchaí uaillmhianach rathúil a chruthú do Bhaile Brigín a thógfaidh ar a

phointí láidre go léir - na sócmhainní fisciúla, a thrá iontach, a shuíomh agus a bhonn tallainne éagsúil atá ag fás go tapa.

Le himeachtaí le déanaí, léiríodh athléimneacht an bhaile is óige agus is éagsúla in Éirinn, tháinig méadú ar ár mhuintearas agus thugamar níos mó cúiseanna dúinn fós a athshamlú an méid is féidir linn a bhaint amach le chéile. Ar an gcaoi ar athraigh ár saol baile agus oibre, is amhlaidh a thiocfaidh athrú ar ár mbaile, agus caithfidh oiriúnú don saol nua seo.

Thar ceann an Ghrúpa Ceannaireachta, ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh as bhur bpáirt inár dturas, agus bí liom le do thoil chun buíochas a ghabháil leis na daoine mórthimpeall oraibh a rinne an oiread sin chun spiorad an phobail a spreagadh le cúpla mí anuas.

Bliain Ar Aghaidh - Ár dTuras

Bliain ó seoladh an Plean Athnuachana Ár mBaile Brigín, tá cuma ag teacht ar bhunathrú an bhaile is óige in Éirinn, agus tá dul chun cinn suntasach déanta thar raon cuspóirí.

Tháinig fíis uaillmhianach an phlean chun cinn mar gheall ar an suirbhé Ár mBaile Brigín inar ghlac níos mó ná 25% de na cónaitheoirí páirt agus a roghnaigh an chuid is mó dóibh an Phríomhshráid a athrú agus í a nascadh leis an limistéar athshamlaithe sa Chuan.

Ar an bhformhór, baineadh amach an clár tosaigh de 20 rud i 12 mhí, fiú amháin leis na srianta atá ann faoi láthair, agus tá Comhairle Contae Fhine Gall tar éis a tiomantas i leith chuspóirí an phlean €30 milliún a sheachadadh a athdhearbhú

Tá infheistíocht shuntasach déanta go dtí seo, le dhá chlós súgartha nua, páirc scátála agus athchóiriú fairsing ar Leabharlann Bhaile Brigín, agus athearraíocht a bhaint as éadan siopa folamh agus í a úsáid mar Mhol Ár mBaile Brigín, rud a thaispeánann na feabhsuithe fisciúla tosaigh.

Cheannaigh an Chomhairle foirgneamh ag 2-4 Sráid Bhaile Átha Cliath agus mar aidhm aici é a fhorbairt mar spás ealaíon cruthaitheach agus spás digiteach, rud a neartóidh ceathrú poiblí agus cathartha an bhaile agus tá an Chomhairle ar tí dhá phríomhfoirgneamh a fháil ar an bPríomhshráid agus ag an gcuan, rud atá lánach don phlean seo.

Meastar go ndéanfar foirgneamh an chlub oíche ata ann cheana ag Cuan Bhaile Brigín a scartáil an bhliain seo chugainn agus tá pleananna ag dul ar aghaidh chun limistéar an chuain a bhunathrú go taitneamhacht áineasa beoga.

Tá pleananna beagnach i gcrích chun croílár uirbeach an bhaile a fhorbairt, an oscailt de chonair ghlas feadh na hAbhann Duibhe, ag cruthú imeall sráide nua agus bealach isteach páirce ar Shráid an Droichid, agus ag scuabadh síos go dtí Sráid na Cé a bheidh bunathraithe agus ag sreabhadh isteach i limistéar an Tarbhealaigh chuig Cuan athshamlaithe.

Feicimid bealach coisithe/ rotharbhealach ar an gcósta a nascfar tuaisceart an bhaile agus Páirc agus Caisleán Réigiúnach an Bhrí Mhór agus ar aghaidh go Caisleán Ard Giolláin agus Sceirí mar chuid de Bhealach Cósta Fhine Gall.

Le scéim feabhsúcháin Shráid an Iarnróid cuirfear sreabhadh agus nascacht níos fearr ar fáil don tsócmhainn is luachmhaire atá ag an mbaile, a thrá.

Beidh an Mol Ár mBaile Brigín, a osclaítear an mhí seo i gCearnóg Sheoirse, mar sheomra innill don scéim athnuachana agus mar nasc leanúnach idir an plean agus muintir Bhaile Brigín.

Deartha mar spás ildisciplíneach, freastalóidh an mol ar chruinnithe beaga agus forbróidh sé líonraí nua i réimsí a shaináithnítear sa phlean.

Is féidir leat bualadh leis an bhfoireann thiomnaithe de Ár mBaile Brigín, a bhí, in éineacht le d'oifigigh spóirt agus pobail, ag obair le páirtithe leasmhara chun feabhas a chur ar leibhéal na seirbhísí, na n-imeachtaí agus na n-infheistíochtaí mar chuid den phlean.

Is infheistíocht shuntasach acmhainní daonna é an pearsanra tiomnaithe a leithdháil Comhairle Contae Fhine Gall ar Bhaile Brigín. Oibreoidh siad le gach cuid de na hearnálacha poiblí, pobail agus gnó, agus taobh le taobh le clubanna, grúpaí agus saoránaigh chun seirbhísí ar ardchaighdeán a chinntiú don bhaile is óige agus is éagsúla in Éirinn.

Tá Baile Brigín díreach tar éis a bheith mar an céad bhaile in Éirinn a ainmníodh mar Cheantar Cliste, agus tá an baile anois ar thús cadhnaíochta na dtionscadal cliste chun seirbhísí a fheabhsú, poist a chruthú agus pobal níos fearr a thógáil. Mar bhonn agus taca ag Ár mBaile Brigín, tá wi-fi poiblí saor in aisce ar fud an bhaile, i measc na dtionscadal Bhaile Brigín Chliste, cruthófar mol nuálaíochta agus spás déantóra chruthaitheach.

Tá Baile Brigín ag glacadh páirte sa tionscnamh iPlace de chuid an Aontais Eorpaigh a thugann naoi gcathair agus baile beag le chéile le saincheisteanna den chineál céanna chun díriú ar dheiseanna forbartha eacnamaíochta áitiúla a shaináithint agus a neartú trí pleananna ar nós Ár mBaile Brigín.



(C-D) Méara Fhine Gall, Eoghan O'Brien, an Comhairleoir Tony Murphy, Príomhfheidhmeannach, AnnMarie Farrelly, Stiúrthóir, Eacnamaíoch, Fiontar & Turasoireachta, Emer O'Gorman, an Comhairleoir Gráinne Maguire.



Léarscáil Athnuachana an Bhaile

3 - 6 MÍ 1

TARBHEALACH IARNRÓID AGUS TEACH BÁD INRBT

Tarbhealaí soilsithe a thabhairt chun críche. Athchóiriú agus athfheistiú ar Theach Bád INRBT, iarratas ar léiriú spéise chun an teach bád a oibriú mar oibríocht tráchtála, Meán Fómhair 2020.

1.5 - 2.5 BLIAIN 2

2-4 SRÁID BHAILE ÁTHA CLIATH

Áitreabh príobháideach agus áitribh tráchtála tadhla a cheannaigh an chomhairle, ag bogadh i dtreo soláthair agus dearaidh do spás ealaíon cruthaitheach agus déantúsóir digiteach, lena neartófar an cheathrú poiblí agus cathartha den bhaile.

1.5 - 2.5 BLIAIN 3

SRÁID NA CÉ A BHUNATHRÚ

Ag tosú ar sholáthar agus dearadh, sreabhadh agus infheictheacht mhéadaithe ón bPríomhshráid go limistéar claochlaidhe Shráid na Cé, an Tarbhealaigh agus an Chuain. An carrchlós a chothabháil, na colbhaí a bhaint, ionas gur féidir é a úsáid sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine mar spás cathartha agus sóisialta ar ardchaighdeán. Páirc lineach a fhorbairt ina mbeidh níos mó suíochán, plandála agus gnéithe glasa eile ar bhruach na habhann.

1 - 3.5 BLIAIN 4

ATHSHAMHLAIGH LIMISTÉAR AN CHUAIN

Éadail de phríomhfhoirgnimh a chruthú chun an láthair radhairc seo a athshamlú mar phríomh-cheann scribe, ag mealladh níos mó siúlóirí agus cuairteoirí. Áit ina mbuaileann daoine le chéile agus a fhanann timpeall ar a suaimhneas, ag baint taitnime as an eispéireas barántúil de chalafoirt iascaireachta beag feidhmiúil atá suite i gcuain mórtha, ag breathnú amach ar thrá iontach, ag nascadh le Sráid na Cé, an Phríomhshráid agus deiseanna fóillíochta agus turasoireachta eile.

2 - 3.5 BLIAIN 5

CROÍ NA PRÍOMHSHRÁIDE A ATHFORBAIRT - AN CHONAIR GHLAS

Dul i mbun réadmhaoine tréigthe agus príobháidí a fháil chun eispéireas nua ar an bPríomhshráid a chruthú. Conair ghlas nua a bhunú i 'gcroílár' an bhaile, feadh na hAbhann Duibhe, trí Pháirc Millpond, rud a chruthóidh imeall sráide nua agus bealach isteach páirce ar Shráid an Droichid, ag sileadh síos go dtí Sráid na Cé, na Tarbhealaí agus an Cuan athshamlaithe.

2 - 7 BLIAIN 6

PÁIRC CHONLÁISTE RÉIGIÚNACH BHRÍ MÓR

Foilseoidh Máistirphlean go gairid le haghaidh comhairliúcháin. Ceann scribe páirce réigiúnach den scoth le háiseanna súgartha, siúlbealaí agus gnéithe den scoth. Athchóiriú Túr Martello, Teach bád, spás folctha poiblí agus Teachín na gCloigíní. Nascacht ardaithe le trá, bealach rothaíochta, suíocháin fheabhsaithe, tá suiteálacha ealaíne beartaithe agus spás botha.

3 - 5 BLIAIN 7

SRÁID AN IARNRÓID

Scéim feabhsúcháin atá deartha chun nascacht agus sreabhadh níos fearr a sholáthar idir an trá, an stáisiún agus an Phríomhshráid. Feabhsúcháin sráid-dreacha, comharthaíocht agus scéim athchóirithe.

1 - 7 BLIAIN 8

CAISLEÁN BHRÍ MHÓR

Is díol spéise iontach do chuirteoirí an gairdín álainn seo, nuair a osclofar é go hiomlán, le gairdíní mórtha, bialann/caifé agus príomh-nithe tarraingteacha eile. Rochtain poiblí oscailte, ar bhonn céimnithe, ar chaisleán agus ar thailte.

1 - 7 BLIAIN 9

FÉARBHEALACH Ó BHAILE BRIGÍN GO DTÍ NA SCEIRÍ

Foilseofar roghanna dearaidh le haghaidh comhairliúcháin go gairid, ag díriú ar nascacht idir an Caisleán (Brí Mór) leis an gCaisleán (Ard Giolláin) i dtosach beidh an stráice seo mar chuid de Ghlasbhealach cósta Fhine Gall. Leis na háiseanna rothaíochta agus coisithe agus uasghrádú déanfar na ceantair chónaithe a nascadh.



20 rud sa chéad 12 mhí Nuashonrú

01

Ciste Thógáil Áite a bhunú

An bhfuil tú i do bhall de ghrúpa áitiúil nó ina úinéir ar ghnó áitiúil? An bhfuil smaoineamh agat faoi ghníomh ar scála beag a bheadh tionchar mór aige ar an bpobal? Tá an Ciste bunaithe agus tá treoirlínte le foilsiú ar www.balbriggan.ie.

02

Féile bhliantúil Oideachais agus Oiliúna Scileanna a fhorbairt

Cuireadh Féile Is breá le Baile Brigín Foghlaim ar ceal, a bhí le bheith ar siúl idir 31/03 - 02/04, beidh sí ar siúl in 2021.

03

Líon na bhféilte agus na n-imeachtaí poiblí ar ardchaighdeán a mhéadú.

Leanfar le méadú a chur ar an tiomantas d'fhéilte agus imeachtaí ar ardchaighdeán, i measc na mbuaicphointí in 2019/20 bhí: Pictiúrlann Aeir Oscailte, Féile Dóiteáin & Tinte ealaíne, Tinte ealaíne Summerfest, Autumn Jazz Presents, Margadh na Nollag Chaisleán Bhrí Mhór & Santa Grotto agus Comharthaí Bhaile Brigín mar chuid d'Fhéile Idirnáisiúnta Guthanna Fhine Gall atá beartaithe.

04

An chéad Féile Ealaíon Luathbhlianta Cosmhuintire na hÉireann a bhunú

Bhí Grasshoppers, Féile Idirnáisiúnta na Luathbhlianta ar siúl thar dheireadh seachtaine i mí Lúnasa 2019, ina raibh ealaíontóirí idirnáisiúnta agus an chéad pharáid bugaí in Éirinn, cuireadh féile na bliana seo ar ceal, beidh sé le feiceáil in 2021.

05

Aghaidh Siopa le Ár mBaile Brigín a bhunú

Leis an Mol Cliste Ár mBaile Brigín, atá suite ar Chearnóg Seoirse, tabharfar tuilleadh tacaíocht do rannpháirtíocht an phobail in aistear athnuachana an bhaile.

06

Plé a dhéanamh agus máistirphlean deiridh a fhoilsiú d'fhorbairt Pháirc Réigiúnach Bhrí Mór

Tar éis comhairliúcháin phoiblí i mí na Samhna 2019, tá sé beartaithe go sealadach máistirphlean a fhoilsiú i mí Mheán Fómhair 2020, agus tá rannpháirtíocht fairsing phoiblí beartaithe go gairid ina dhiaidh sin.

07

Cearnóg Bhaile Sheoirse a fheabhsú

Cuireadh moill ar oibreacha feabhsúcháin do shuíochán, comharthaíochta agus cuaillí brataí breise, cuirfear tús leis na hoibreacha seo i mí an Mheithimh agus críochnófar iad i mí Lúnasa 2020.

08

Líon na n-áiseanna súgartha agus aclaíochta a mhéadú.

Osclaíodh Páirc Scátála i bPáirc Millpond i mí Dheireadh Fómhair 2019, agus Lota Súgartha ina dhiaidh sin i Sráid na Cé agus sa Chlós Súgartha do leaná níos sine ag an Bandstand, Túr Martello i mí Feabhra 2020.

09

Dul chun cinn a dhéanamh ar an bpróiseas éadálacha ar thalamh, fhoirgnimh nó ar theaghaisí tréigthe i lár an bhaile

Tá an Chomhairle gníomhach i mbun caibidíochta maidir le réadmhaoin a fháil i lár an bhaile agus sa chuan, rud a shaináithnítear sa phlean Athnuachana. Ceannaíodh 2 - 4 Sráid Bhaile Átha Cliath (in aice leis an teach cúirte) agus athrófar é ina spás nuálach do na hearnálacha cruthaitheacha, ealaíne agus digiteacha.

10

Tús a chur le hathchóiriú a dhéanamh ar Theach Bád INRBT

Sábháilteacht chúlra, suirbhéanna struchtúracha críochnaithe, ach moill ar oibreacha feabhsúcháin ar an taobh istigh agus ar an taobh amuigh, atá le críochnú faoi Mheán Fómhair 2020. Eiseoidh Comhairle Contae Fhine Gall léirithe spéise d'oibreoir tráchtála faoi dheireadh Mheán Fómhair 2020.

11

Soilsiú taobh istigh de Dhroichead Tarbhealaigh Stairiúil an bhaile a shuíteáil

Lasadh na tarbhealaí do Lá Fhéile Pádraig. Críochnófar soilsiú buan laistigh den 6 mhí

12

Infheistíocht isteach agus poist a dhaingniú do thailte tionsclaíochta i mBaile Stiofáin

Críochnaíodh Nascbhóthar Bhaile Stiofáin in 2019 ag oscailt rochtana ar c. 53 acra de thalamh seirbhísithe. Tá an Chomhairle ag obair go gníomhach chun infheistíocht nua a mhealladh isteach i mBaile Stiofáin agus dhíol sí 3 shuíomh le bliain anuas a bhfuil sé mar aidhm acu 65 post a chruthú, leanfaimid orainn ag obair go gníomhach chun

13

Foireann Oibríochta "Ár mBaile Brigín" a bhunú a bheidh freagrach as cothabháil ghinearálta agus tionscnamh níos glaise

Leanfar leis an réimeas seo maidir le glanadh bealaí níos minice, boscaí bruscair breise agus athchóirithe agus boscaí

14

Roghanna dearaidh sealadacha a fhoilsiú don chuid Ard Giolláin go Brí Mór de Bhealach Cósta Fhine Gall

Tar éis sraith comhairliúcháin phoiblí go déanach in 2019 ar na deiseanna agus sríanta don fhéarbhealach, tá measúnú ar na roghanna bealaigh ar siúl. Nuair a bheidh an tuarascáil ar roghanna bealaigh críochnaithe réachtálfar rannpháirtíocht phoiblí go gairid ina dhiaidh sin.

15

Feabhas a chur ar limistéar an Chuain

Críochnaíodh glantachán an chuain i mí Dheireadh Fómhair 2019 nuair a baineadh 3 ártach tréigthe, cuireadh tús le roinnt uasghráduithe breise lena n-áirítear suiteáil an tsoláthair leictreachais agus fóruisce i mí na Samhna 2019 agus tá sé fós ar siúl. Tá na feabhsúcháin seo mar thús le hathmhaoiniú níos fairsinge ar an gCuan mar atá minithe sa Phlean.

16

Plé a dhéanamh ar phlean Bithéagsúlachta do Bhaile Brigín mar mhúnla sármhaitheasa

Tá sainchomhairleoirí ceaptha ag an gClár Uiscí Údarás Áitiúil, ag obair i gcomhpháirtíocht le Bailte Slachtmhara, chun measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar an Abhainn Dhubh, lena n-áirítear measúnú ar Bithéagsúlacht Bhruach na hAbhainn. Ceapadh OWLS, an carthanas dúlra chun clár bithéagsúlachta a reáchtáil i 4 bhunscoil. Tá plan bithéagsúlachta don bhaile ar fad le hathairiscint.

17

Faoi réir ceadanna pleanála beidh an tairiscint chun bealaí rothar a thógáil ar Bhóthar Anraí Mhic Raghnaill le críochnú, tús a chur le líonra iompair inbhuanaithe feabhsaithe ar fud an bhaile.

Tar éis comhairliúcháin phoiblí go déanach in 2019, cuirfear Iarratas Pleanála Cuid 8 isteach do bhealach coisithe agus rothaíochta Bhóthar Anraí Mhic Raghnaill i Ráithe 3 do 2020. Má dheonaítear pleanáil, leanfaí le dearadh mionsonraithe agus tairiscint agus b'fhéidir go dtosódh an tógáil in 2021.

18

Líon na suiteálacha coimisiúnaithe ealaíne poiblí a mhéadú.

I gcomhpháirtíocht le Iarnród Éireann, tá coimisiún ealaíon poiblí ar scála mór ar bun le suiteáil ar chúil ár stáisiún iarnróid. Beidh coimisiún le haghaidh múrmhaisiú ar mhórsála ar bhalla beanna an Central Lounge mar chuid den 'Sack' de Chlár Cuimhneacháin Bhaile Brigín. Taispeánfar coimisiún sna hamharcealaíona a dhéanfaidh iniúchadh ar fhéiniúlacht i gcomhar le comhghrú nó imirce áitiúil óige agus domhanda. Socraíodh glao ar ealaíontóirí i gcomhpháirtíocht le Dublin Canvas le haghaidh tri both BSL. Críochnófar na hoibreacha seo go léir sna 6 mhí amach romhainn.

19

Leabharlann Bhaile Brigín a uasghrádú le fócas ar leith ar theicneolaíocht dhigiteach agus spásanna cruinnithe feabhsaithe

Suiteáladh faighneoga Oifige nua, mol cruinnithe agus crua-earraí TF ard-chumas i mí Dheireadh Fómhair 2019. Críochnófar uasghrádú agus athchóiriú fairsing eile ar spás na Leabharlainne faoi dheireadh mhí Iúil 2020.

20

Eolaire seirbhísí "Ár mBaile Brigín" a fhoilsiú.

Eolaire seirbhíse do ghrúpaí áitiúla ar fáil ag áis www.balbriggan.ie, le nuashonrú.

Leis an gcomhrá go dtí seo cruthaíodh an-chuid rannpháirtíochta. Lean ort le do thoil le páirt a ghlacadh in aistear Bhaile Brigín, lean an dul chun cinn agus roinn smaointe. Cuidigh le hathrú dearfach a chruthú, tacú le nithe áitiúla agus déan **#ourbalbriggan** a cheiliúradh.

Faisnéis níos mionsonraithe ar Phlean Athnuachana Ár mBaile Brigín 2019-2025 ar **www.balbriggan.ie**



Photo Credit: Aaron Paul

